⁽⁸⁴⁾ In 2014, chinntigh cuideachtaí ZFM 79 % de na honnmhairí (EUR [50-200] milliún). In 2016, i gcomparáid le 2014, mhéadaigh na honnmhairí chuig an bpobal Eorpach ó [20 000-30 000] go [30 000-40 000] na mílte euro. Ba iad na hearnálacha bia agus talmhaíochta ba mhó a bhí i gceist le honnmhairí, agus na hearnálacha innealra agus teicstílí ina dhiaidh sin, a raibh éifeachtaí dearfacha doshéanta acu ar fhorbairt an gheilleagair Eorpaigh. Féach “Tuarascáil anailís cánach agus eacnamaíoch” (Tax and economic analysis report), Ernest & Young, 24 Meán Fómhair 2018, lch. 68.

⁽⁸⁵⁾ Málta, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Chipir. Féach an litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, lgh. 14 -16.

⁽⁸⁶⁾ Sonraítear an méid seo a leanas i mBuiséid Ghinearálta Stáit 1999 go 2004: “Is ionann an díolúine seo ... agus cáin nár toibhíodh ar ioncam nach mbeadh, d'éagmais an tsochair seo, ann” (Buiséad Ginearálta Stáit 2002), nó “is cinnte nach bhfaighfí an t-ioncam cánach seo dá mbainfí an scéim reatha” (Buiséad Ginearálta Stáit 2004).

⁽⁸⁷⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 50, lch. 18.

⁽⁸⁸⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 29, lch. 13, agus litir ón bPortaingéil an 11 Meán Fómhair 2017, lch. 30.

⁽⁸⁹⁾ Cinneadh (AE) 2019/1252 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2018 maidir le rialuithe cánach SA. 38945 (2015/C) (iar-2015/NN) (iar-2014/CP) arna dheonú ag Lucsamburg i bhfabhar Eoraip Mc Donald (IO L 195, 23.7.2019, lch. 20).

⁽⁹⁰⁾ “Tuarascáil anailís cánach agus eacnamaíoch” (Tax and economic analysis report), Ernest & Young, 24 Meán Fómhair 2018, lch. 67.

- (69) Measann an Phortaingéil freisin nach bhfuil scéim ZFM roghnach toisc nach bhfuil an beart *'fabhrach do ghnóthais áirithe nó do tháirgeadh earraíáirithe'* de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Áitíonn an Phortaingéil, de bhun Airteagal 36(6) den Reacht um Dhreasachtaí Cánach (*Estatuto dos Benefícios Fiscais*, “EBF”), gur dócha go mbunófar i ZFM gach cuideachta atá i mbun gníomhaíochtaí tráchtála, tionsclaíocha, muirí nó seirbhísí eile (mura bhfuil sé eisiata go sainráite ón scéim, mar is amhlaidh i gcás gníomhaíochtaí árachais agus airgeadais). Dá bhrí sin, ní chomhlíonann na sochair chánach atá ag tairbhíthe ZFM coinníoll na roghnaíochta, rud atá riachtanach chun go mbeidh Státchabhair ann. Ar deireadh, ní féidir teacht ar an gconclúid fiú go bhfuil roghnaíocht *'de facto'* ann, ós rud é nach bhfuil na sochair chánach ábhartha teoranta do chatagóirí nó d'earnálacha áirithe a bhfuil tréithe coitianta acu.
- (70) Baineann an Phortaingéil de thátal as nach mór scéim ZFM a mheas mar bheart ginearálta seachas mar bheart Státchabhrach ⁽⁹¹⁾. Níl buntáiste roghnach ag baint leis an mbeart atá á scrúdú do na cuideachtaí atá cláraithe i ZFM agus is féidir é a chosaint de réir loighic an chórais chánach. Ar deireadh, measann an Phortaingéil go bhfuil an dualgas cruthúnais ar an gCoimisiún chun a chinneadh an bhfuil cabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE i gceist le scéim ZFM.
- (71) Ina theannta sin, áitíonn an Phortaingéil dá mbeadh “cabhair” i gceist le scéim ZFM, go gcaithfí í a cháiliú mar “chabhair reatha”. Tháinig scéim ZFM roimh aontachas na Portaingéile leis an CEE ⁽⁹²⁾ agus ní dhearnadh aon athruithe substaintiúla ar an scéim lasmuigh den chreat caibidlíochta maidir le cabhair atá ann cheana. Mar sin, níor cheart go mbeadh scéim ZFM faoi réir formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún faoi Airteagal 108(3) CFAE. Os a choinne sin, ba cheart don Choimisiún tús a chur leis an nós imeachta um bearta iomchuí ina ionad sin ⁽⁹³⁾, a bhféadfadh athrú a bheith i gceist leis ar ábhar na scéime cabhrach, ceanglais a thabhairt isteach nó soiléiriú a dhéanamh air. Mar mhalairt air sin, molann an Phortaingéil don Choimisiún cinneadh dearfach a ghlacadh faoi réir coinníollacha (“cinneadh coinníollach”) ⁽⁹⁴⁾.

Bunús na mbrabús a bhaineann leas as an laghdú ar cháin ioncaim

- (72) Aithníonn an Phortaingéil go bhforáiltear le Cinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún go mbeidh feidhm ag an gcabhair i bhfoirm laghdaithe cánach corparáide maidir le *'brabúis a eascraíonn as gníomhaíochtaí a dhéantar go héifeachtach agus go hábhartha i Maidéara'* ⁽⁹⁵⁾. Mar sin féin, diúltaíonn an Phortaingéil don chonclúid ón gCoimisiún, mura ndéanann na cuideachtaí a gcuid gníomhaíochtaí i Maidéara, nach dtabhaíonn siad aon chostais bhreise mar gheall ar a gcuid gníomhaíochtaí sa réigiún is forimeallaí agus, dá bharr sin, nach bhfuil siad i dteideal cabhair oibriúcháin réigiúnach a fháil ⁽⁹⁶⁾.
- (73) Meabhraíonn an Phortaingéil go ndearnadh na costais bhreise chainníochtaithe a thabhaigh cuideachtaí sa réigiún is forimeallaí i Maidéara ⁽⁹⁷⁾ a choigeartú de réir ghné eacnamaíoch an ZFM, a aithníodh le Cinneadh 2007 ón gCoimisiún ⁽⁹⁸⁾. Thairis sin, tá cur chun feidhme reatha scéim ZFM go hiomlán comhleanúnach leis an méid a d'eascair ó Chinneadh 2007 agus ó Chinneadh 2013 ón gCoimisiún, inar cinneadh “go n-éascaítear leis an mbeart costais bhreise na gcuideachtaí atá lonnaithe sa réigiún is forimeallaí dá dtagraítear a chúiteamh” ⁽⁹⁹⁾. Áitíonn an Phortaingéil freisin go bhfuil sochair chánach ZFM i bhfad níos lú ná na “costais bhreise” agus go léirítear an coinníoll gur cheart gníomhaíochtaí a dhéanamh “go héifeachtach agus go hábhartha i Maidéara” in oibleagáid cheadúnaithe ZFM agus i gcomhlíonadh ceanglas dlíthiúil eile, lena ndéantar tairbhíthe dlísteanaacha na scéime de na cuideachtaí atá cláraithe i scéim ZFM (Scéim III) lena gcáilítear iad i leith cabhair oibriúcháin réigiúnach ⁽¹⁰⁰⁾.

⁽⁹¹⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 28, lch. 13, agus “Tuarascáil ar anailís chánach agus eacnamaíoch” (Tax and economic analysis report), Ernest & Young, Meán Fómhair 2018, lgh. 66-68.

⁽⁹²⁾ Mír 10 de Chinneadh 2007 ón gCoimisiún.

⁽⁹³⁾ Airteagal 22(a) agus (b) de Rialachán (AE) 2015/1589. Feic aithris 61 den Chinneadh seo.

⁽⁹⁴⁾ Airteagal 9(4) agus Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2015/1589. Litir ón bPortaingéil an 24 Aibreán 2019, lch. 3. Feic aithris 61 den Chinneadh seo.

⁽⁹⁵⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 88, lch. 20.

⁽⁹⁶⁾ Mír 30 den Chinneadh Tosaigh.

⁽⁹⁷⁾ Fonóta 55 thuas. Seasann na híoschostais bhreise a eascraíonn as iargúlacht Mhaidéara ag 26 % den Oll-Bhreisluch (OBL) san earnáil phríobháideach nó ag 16,7 % d'Olltáirgeacht Intíre Mhaidéara (OTI), thart ar EUR 400 milliún san iomlán in 1998. Féach míreanna 46 agus 48 de Chinneadh 2007 ón gCoimisiún.

⁽⁹⁸⁾ Mír 51 de Chinneadh 2007 ón gCoimisiún.

⁽⁹⁹⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 124.

⁽¹⁰⁰⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 125.

- (74) Athdhearbhaíonn an Phortaingéil nár cheart go gciallódh ‘a *ngníomhaíochtaí a dhéanamh i Maidéara*’ ach go ndéanfaí an ghníomhaíocht i Maidéara má ghabhtar de láimh ansin í le hoifig chláráithe, lárionad bainistíochta agus cinnteoireachta gan aon ghá le buanchaipiteal iomlán daonna ansin. Measann an Phortaingéil go séanann an Coimisiún, trí chur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí i Maidéara, ar gníomhaíochtaí iad de réir sainmhíthe idirnáisiúnta, nasc na ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta sin leis an réigiún, a aithnítear le Cinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún ⁽¹⁰¹⁾.
- (75) Ina theannta sin, maidir lena gceangal go gcuirfear gníomhaíochtaí i gcrích go héifeachtach agus go hábhartha i Maidéara, athdhearbhaíonn an Phortaingéil a tuairim nach gciallaíonn, ná nach bhféadfadh sé go gciallaíonn sé, nach mór na gníomhaíochtaí a theorannú, ar bhonn geografach, do chríoch Mhaidéara agus tuilleamh a fhaightear sa limistéar geografach sin amháin. Dá bhrí sin, níl “léirmhíniú sriantach” an Choimisiúin ag teacht le cásdlí socraithe an Aontais maidir leis an “bpríomhionad leasa ⁽¹⁰²⁾”, le cleachtas cinnidhan Choimisiúin agus le cásdlí an Aontais maidir leis an “iarmhairt iarmhartach”, ⁽¹⁰³⁾ agus le saoirse bhunúsach an Aontais chun earraí, daoine, seirbhísí agus caipiteal a bhunú agus chun saorghluaiseacht a dhéanamh ina leith.
- (76) Tagann an Phortaingéil ar an gconclúid freisin go dtarlaíonn do-chlaontacht trí thagairt a dhéanamh d’áit cheannoifig na cuideachta nó do shuíomh a bainistíochta éifeachtaí. Tá sé sin comhsheasmhach go hiomlán le Cinneadh 2007 ón gCoimisiún, a fhoráilann go “bhfuil feidhm ag an scéim gan idirdhealú maidir le cuideachtaí a bhfuil cónaí orthu agus nach bhfuil cónaí orthu sa Phortaingéil” ⁽¹⁰⁴⁾. Aithnítear freisin i gCinneadh 2013 ón gCoimisiún gur gníomhaíochtaí idirnáisiúnta den chuid is mó iad gníomhaíochtaí na gcuideachtaí ceadúnaithe ZFM, ós rud é go bhfuil ‘na gníomhaíochtaí a dhéanann na cuideachtaí sin oscailte d’iomaíocht idirnáisiúnta’ ⁽¹⁰⁵⁾. Mar sin, tá athléiriú mhír 14 de Chinneadh 2007 ón gCoimisiún nach bhféadfaí na gníomhaíochtaí ábhartha a chur chun feidhme go hiomlán ach amháin laistigh de theorainneacha geografacha dochta Mhaidéara ag teacht salach ar scéim ZFM féin agus RAG 2007 mar phríomhionstraim chun infheistíocht de thionscnamh an mhargaidh inmheánaigh agus lasmuigh de a mhealladh. Tagann sé salach freisin ar aidhm Airteagal 349 CFAE, lena gceadaítear bearta sonracha (cánach) a ghlacadh chun infheistíocht a mhealladh agus ar an gcaoi sin nuachóiriú agus éagsúlú an gheilleagair a spreagadh.
- (77) Ina theannta sin, comhlíonann an Phortaingéil a gealltanais faoi Phlean Gníomhaíochta an ECFE maidir le Creimeadh Bonn agus Aistriú Brabúis ⁽¹⁰⁶⁾ (“Plean Gníomhaíochta BEPS”) a shínigh sí in 2016. Áirítear i bPlean Gníomhaíochta BEPS an coincheap de “ghníomhaíocht shubstaintiúil”, a chuireann srian le feidhmiú scéimeanna fabhracha i leith tuillimh a bhfuil nasc cúiseach acu le costais a d’foc an chuideachta chun an bhunsócmhainn a fhorbairt.
- (78) Measann an Phortaingéil gur cheart don Choimisiún, ina scrúdú ar dhlíthiúlacht scéim ZFM, an critéar maidir le “gníomhaíocht shubstaintiúil” mar atá sainmhíthe i rialacha OCED agus, go háirithe, na “treoirphrionsabail ghinearálta a bhaineann le meastóireacht ar bhearta faoi Phlean Gníomhaíochta BEPS a mheas” ⁽¹⁰⁷⁾. Na hionstraimí dlí atá ag an Aontas faoi láthair maidir le himghabháil chánach agus calaois a chomhrac, go háirithe, na rialacha maidir le mí-úsáid socruithe fíorúla arna mbunú le Treoir (AE) 2016/1164, measann an Phortaingéil gur cheart don Choimisiún iad a áireamh ina mheasúnú. Chomh maith leis sin, na rialacha maidir le malartú éigeantach uathoibríoch faisnéise i réimse an chánachais i ndáil leis na socruithe trasteorann intuairiscithe a tugadh isteach le Treoir 2011/16/AE ón gComhairle ⁽¹⁰⁸⁾.

⁽¹⁰¹⁾ Míreanna 11, 25, 72 agus 73 de Chinneadh 2007 ón gCoimisiún, agus míreanna 24, 26 agus 28 de Chinneadh 2013 ón gCoimisiún.

⁽¹⁰²⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 2 Bealtaine 2006, Eurofood IFSC, C -341/04, ECLI:EU:C:2006:281, míreanna 34-36, agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Nollaig 2010, Weald Leasing, C -103/09, ECLI:EU:C:2010:804, mír 44.

⁽¹⁰³⁾ Féadfaidh gníomhaíochtaí lasmuigh de réigiún ar leith dul chun sochair go mór don réigiún lena mbaineann. De réir na Phortaingéile, d’admhaigh an Coimisiún an prionsabal seo i gcinneadh in 2007 maidir leis na ranna Francacha thar lear, Cinneadh C (2007) 5115 leagan deiridh an 27 Deireadh Fómhair 2007 maidir le cás SA N522/2006 France – Loi de program pour l’outre-mer – Aide fiscale, ailt 2.8.3 agus 2.8.8., lgh. 24 agus 25. Féach freisin breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 19 Nollaig 2012, GAMP, C-579/11, ECLI:AE:C:2012:833, míreanna 30 go 39.

⁽¹⁰⁴⁾ Mír 22, fonóta 9 de Chinneadh 2007 ón gCoimisiún.

⁽¹⁰⁵⁾ Mír 22 de Chinneadh 2013 ón gCoimisiún.

⁽¹⁰⁶⁾ Gníomhaíocht 5 “Cur i gCoinne Cleachtas Díobhálach Cánach ar bhealach Níos Éifeachtaí, agus Trédhearcacht agus Substaint á gCur san Áireamh”, agus Gníomhaíocht 6 “Cosc a chur le Mí-Úsáid Conradh” (<http://www.oecd.org/tax/beps/action-plan-on-base-erosion-and-profit-shifting-9789264202719-en.htm>).

⁽¹⁰⁷⁾ Gníomhaíocht 5 de Thuarascáil agus Treoirínte BEPS ón bhFóram ar Iomaíocht Dhíobhálach Cánach de chuid ECFE, maidir leis an gceanglas gníomhaíochta substaintiúla i gcomhthéacs na gcóras neamh-IP (<https://www.oecd.org/tax/beps/beps/beps-actions/action5/>).

⁽¹⁰⁸⁾ Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).

- (79) Míniúnn an Phortaingéil go bhféachtar le rialacha seachanta cánach a tugadh isteach le Treoir (AE) 2016/1164 le feidhm a bheith acu maidir le socrúithe neamhfhiúrla (i.e. cásanna ina ngearrtar cáin ar chuideachtaí atá bunaithe i limistéir ísealachánach agus nach bhfuil ag déanamh aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche ann ag ráta níos ísle) nó fiú ag ráta nialasach cánach). I gcomhréir leis an Treoir seo, ba cheart a chur in iúl, chun críocha measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcuideachtaí atá bunaithe i ZFM, gur cheart don Choimisiún dul i muinín clásail ghinearálta frith-mhí-úsáide ag an gcéim mheasúnaithe de dheonú Státchabhrach. Measann an Phortaingéil nach bhfuil sé inghlactha teacht ar an tátal go gciallaíonn an buntáiste cánach a thugtar do chuideachtaí ceadúnaithe i ZFM, arb ionann é agus “faoiseamh cánach”, go bhfuil cuideachtaí den sórt sin i socrú neamhfhiúrla ⁽¹⁰⁹⁾.
- (80) Ar deireadh, déanann an Phortaingéil cur síos ar an gcóras rialaithe cánach atá i bhfeidhm maidir leis na cuideachtaí atá cláraithe i ZFM ⁽¹¹⁰⁾. Ina theannta sin, déanann an Phortaingéil cur síos ar fhíorú an cheanglais chuntasaíochta ar leithligh maidir le tuilleamh ZFM ⁽¹¹¹⁾, agus ar an mbonn sin cuireann sí in aghaidh thuairim an Choimisiúin sa Chinneadh Tosaigh go bhféadfadh amhras a bheith ann faoi éifeachtacht na rialuithe arna ndéanamh ag na húdaráis chánach. ⁽¹¹²⁾.

Cruthú/coinneáil poist sa réigiún

- (81) Míniúnn an Phortaingéil go bhfuil tabhairt isteach na dteorainneacha a bhaineann leis an íoslíon post ina chuid bhunúsach de loighic chomhchosúil le beart frith-mhí-úsáide: ba é an sprioc a bhí ann cuideachtaí, nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch shubstaintiúil acu, a sheachaint ó bhuntáiste míchuí a ghlacadh i Maidéara. Mar sin féin, ní fhorchuireann ná ní dhliteanaíonn sé sin léamh ar cheanglais fostaíochta lasmuigh de chomhthéacs an dlí Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme.
- (82) De bhreis ar reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuíbhíú ⁽¹¹³⁾, áitíonn an Phortaingéil nach nglacann dlí an Aontais coincheap aonfhoirmeach maidir le “conradh saothair” ná “caidreamh saothair” ná “oibrí” nó, ⁽¹¹⁴⁾ dá réir sin, maidir le “post”. Tá an coincheap “post” ábhartha leagtha amach i ndlí saothair na Phortaingéile ⁽¹¹⁵⁾, nach dtagann salach ar dhlí an Aontais is infheidhme.
- (83) Mheas an Phortaingéil i gcónaí nach bhfuiltear ag cloí leis an gceanglas atá ar eintitis atá ceadúnaithe chun oibríú i ZFM poist a chruthú nó a choinneáil ach amháin a fhad agus a bhunaítear conradh saothair le cuideachta atá bunaithe i ZFM ⁽¹¹⁶⁾. Ní féidir neamhaird a dhéanamh de na cineálacha saothair conraitheoireachta atá mar chuid de rialacha an Aontais agus de rialacha náisiúnta, go háirithe fostaíocht shealadach agus an tsaoirse (bunúsach) gluaiseachta d'oibrithe.
- (84) Áitíonn an Phortaingéil freisin gurb ⁽¹¹⁷⁾ é an meon atá i reachtaíocht an Aontais ⁽¹¹⁸⁾ agus i gcás dlí an Aontais glacadh leis na cineálacha éagsúla caidrimh fostaíochta (bíodh siad sealadach nó buan) agus le soghluaisteacht oibrithe sna Ballstáit agus iad a chosaint, tríd an bhfeiniméan sin (soghluaisteacht), lena n-áirítear mar ghné dhearfach d'fhorbairt gheilleagar na mBallstát, a chur san áireamh. Ar an gcaoi chéanna, aithníonn an tAontas go ginearálta an tsaoirse atá ag cuideachtaí chun seirbhísí a sholáthar ó Bhallstáit eile, chun a gcuid fostaíche a phostú

⁽¹⁰⁹⁾ “Tuarascáil anailíse cánach agus eacnamaíoch” (Tax and economic analysis report), Ernest & Young, 24 Meán Fómhair 2018, lch. 66.

⁽¹¹⁰⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, míreanna 282 go 318.

⁽¹¹¹⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, míreanna 296 go 298.

⁽¹¹²⁾ Mír 34 den Chinneadh Tosaigh.

⁽¹¹³⁾ Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhiomarcaíochtaí (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16), Treoir 2001/23/CE an 12 Márta 2001 ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cearta fostaíche a choimirciú i gcás gnóthais, gnólachtaí nó codanna de ghnóthais nó de ghnólachtaí a aistriú (IO L 82, 22.3.2001, lch. 16), nó Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú forálacha seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1).

⁽¹¹⁴⁾ Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Poiares Maduro a tugadh an 27 Eanáir 2005, *Celtec*, C-478/03, ECLI:EU:C:2005:66.

⁽¹¹⁵⁾ Dlí Uimh. 7/2009 an 12 Feabhra 2009, arna leasú le Dlí Uimh. 14/2018 an 19 Márta 2018.

⁽¹¹⁶⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, mír 222.

⁽¹¹⁷⁾ Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobairt ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9). Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le sairse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO L 141, 27.5.2011, lch. 1), agus Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le bearta a éascaíonn feidhmiú na gcearta a thugtar d'oibrithe i gcomhthéacs shaorghluaiseachta na n-oibrithe (IO L 128, 30.4.2014, lch. 8).

⁽¹¹⁸⁾ Tuairim ón Abhcóide Ghinearálta Ruiz-Karabo Colomer an 10 Iúil 2003, *Collins*, C-138/02, ECLI:EU:C:2003:409.

go sealadach sna Ballstáit sin, rud a léiríonn arís cineál soghluaiste na gcaidreamh fostaíochta reatha, gan tabhairt le tuiscint leis sin go bhfuil easpa fíoraithe ar ghníomhaíocht shubstaintiúil eacnamaíoch na gcuideachtaí. Mar sin, ní ghlacann an Phortaingéil leis go bhfuil dlíthiúlacht scéim ZFM ag brath go díreach ar chruthú líon áirithe post, ná ar bhonn coincheap cúlchéimnithe maidir le “post”, atá bunaithe go heisiach ar choincheap an spáis (áit fhísiciúil) ina ndéanann na fostaithe a gcuid cúraimí, agus ar bhonn buan ⁽¹¹⁹⁾.

- (85) Tagraíonn an Phortaingéil don chaibidlíocht leis an gCoimisiún i gcomhthéacs chinntí formheasa 2002 ón gCoimisiún maidir le Scéim II ⁽¹²⁰⁾, ar ghlac an Phortaingéil leis ina dhiaidh sin na huasteorainneacha inchánach a bhaineann le líon na bpost a áireamh; níor chiallaigh sé sin, áfach, go raibh an coinníoll sin ina choinníoll *sine qua non* agus níor chuir an Phortaingéil an scéim i bhfeidhm riamh ag glacadh leis go raibh sé ⁽¹²¹⁾.
- (86) Ar deireadh, measann an Phortaingéil nach scéim cúnaimh fostaíochta í scéim ZFM ach scéim cúnaimh chun Maidéara a éagsúlú agus a nuachóiriú. Is é aidhm scéim ZFM go príomha cur leis an Olltáirgeacht Intíre (“OTT”) réigiúnach. Léiríonn cion na scéime le OTI Mhaidéara an nasc láidir idir na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanann cuideachtaí ZFM agus an réigiún.

Sainmhíniú ar líon na bpost a cruthaíodh

- (87) Athdhearbhaíonn an Phortaingéil nach bhfuil feidhm ag na coincheapa ‘cruthú post’ agus ‘aonaid oibríthe bhliantúla’ (ALU) a leagtar amach i mír 58 agus i bhfónóta 52 de scéim RAG 2007 maidir le scéim ZFM. Ní bhaineann na sainmhínte ach le “cabhair faoi choinne infheistíocht réigiúnach” (roinn a ceathair de RAG 2007) agus ní le cabhair oibriúcháin (roinn a cúig de rag 2007). Ina theannta sin, cuireann an Phortaingéil i bhfios go láidir nach bhfuil fasach ar bith i gcur i bhfeidhm an choincheapa ALU ar chabhair réigiúnach sa réigiún is forimeallaí, contrártha leis an méid a luaigh an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh ⁽¹²²⁾. De réir údaráis na Portaingéile, i ngeall ar chineál eiseachtúil na réigiún is forimeallaí, ba cheart glacadh le sainmhíniú difriúil ar chruthú post. Meabhraíonn an Phortaingéil, ar bhealach níos domhanda, go bhfuil RAG 2007 mar aon le coinníollacha Chinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún neamhcheangailteach. Ar aon chuma, a mhéid a bhaineann sé le coincheap cruthú post in RAG 2007, níor gheall an Phortaingéil riamh an coincheap sin a chur i bhfeidhm. Níor cheart, dá bhrí sin, ríomh na bpost a chruthaítear agus a choinnítear sa réigiún a bheith faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in RAG 2007 nó faoi réir líon na foirne arna chinneadh faoi Airteagal 5 den Mholadh ón gCoimisiún maidir le micreaghnothais, fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainiú ⁽¹²³⁾.

Poist lonnaithe lasmuigh de réigiún Mhaidéara

- (88) Deir an Phortaingéil arís eile nár cheart go dtarlódh gníomhaíocht thairbhíthe ZFM sa réigiún toisc go bhfuil sé mar aidhm leis an scéim infheistíocht eachtrach a mhealladh agus seirbhísí idirnáisiúnta a fhorbairt. Baineann léirmhíniú sriantach lena gcuirtear teorainn le gníomhaíocht chuig críoch Mhaidéara an dreasacht d’idirnáisiúnta gnólachtaí, rud a aisiompaíonn loighic na forbartha réigiúnaí nach mór a chur chun cinn. Is é tátal na Portaingéile nárbh iad na poist a bhí teoranta go heisiach do Mhaidéara nó do bhailiú ioncam cánach príomhchúraimí scéim ZFM.

⁽¹¹⁹⁾ “Tuarascáil anailíse cánach agus eacnamaíoch” (Tax and economic analysis report), Ernest & Young, 24 Meán Fómhair 2018, lch. 54.

⁽¹²⁰⁾ Cinneadh (2002) 4811 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2002, Státchabhair N 222/A/02 – an Phortaingéil – Scéim cúnaimh a bhaineann le Zona Franca da Madeira don tréimhse 2003-2006 (IO C 65, 19.3.2003, lch. 23) agus Cinneadh C (2003) 92, 4 Aibreán 2003 ón gCoimisiún (Státchabhair N222/B/2002 - An Phortaingéil - Regime de auxílios da Zona Franca da Madeira para o período 2003-2006). Féach freisin litir D/52122 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2002 agus litir freagartha na Portaingéile an 3 Meitheamh 2002 (1580).

⁽¹²¹⁾ Ní mór an gealltanais a léirmhíniú i gcoinne an tseasaimh ón bPortaingéil a sonraíodh ag “próiseas caibidlíochta” na scéime cúnaimh. D’áitigh an Phortaingéil gur cheart scéim ZFM a mheas thar an gcomhréireacht leis na costais bhreise a thabhaíonn cuideachtaí sa réigiún is forimeallaí de Mhaidéara (*trí shrian a chur ar smaoineamh na comhréireachta maidir leis na costais bhreise simplí inchainníochtaithe dhéanfaí díluacháil ar an tábhacht a bhaineann le hAirteagal 349 CFAE (sean-Airteagal 299 (2) de Chonradh CE)*). Féach an litir ón bPortaingéil an 26 Meán Fómhair 2018, lgh. 14-16.

⁽¹²²⁾ Mír 41 den Chinneadh Tosaigh.

⁽¹²³⁾ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrífiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

Rialuithe maidir le chruthú/coinneáil post

- (89) Athdhearbhaíonn an Phortaingéil go ndéantar rialú leordhóthanach ar chruthú/coinneáil post ZFM trí na dearbhuithe cánach bliantúla “Samhail 10, 30 agus DMR (dearbhu ráitis mhíosúil)” agus an dearbhú ar phoist a cruthaíodh/coinníodh mar a shonraítear i “Samhail 22”, Iarscríbhinn D, réimse 6 (éigeantach d’fhaighteoirí scéime ZFM amháin) ⁽¹²⁴⁾. Leis na dearbhuithe sin, i gcomhréir le dlí Saothair na Portaingéile, beifear in ann na poist atá ann cheana a sheiceáil ag tús agus ag deireadh na bliana airgeadais.
- (90) Measann an Phortaingéil go n-ionchorpraítear i gcóras cánach na Portaingéile ionstraimí iomadúla a chumasaíonn rialú éifeachtach ar scéim ZFM. Tá na cuideachtaí atá bunaithe i ZFM faoi réir a n-iniúchta ag an Údarás Cánach agus Custaim (“AT”), an Rialtas Réigiúnach, an Ard-Chigireacht Airgeadais agus gach roinn chánach eile, lena n-áirítear an Stiúthóireacht um Imscrúdú Calaoise agus Gníomhaíocht Speisialta, an Stiúthóireacht um Chigireacht Cánach agus an tAonad Móríocóirí Cánach. Ina theannta sin, tionscnaítear cionta riaracháin nó fiú imeachtaí coiriúla aon uair a bhraítear gníomhaíocht mhídhleathach. Tá maoirseacht, cigireacht agus rialú dhlíthiúlacht na gníomhaíochtaí a dhéantar i ZFM mar thosaíocht sna pleananna iniúchta cánach náisiúnta.
- (91) Ar deireadh, maidir le réamhdhearcach an Choimisiúin nach féidir na dearbhuithe cánach éagsúla a úsáid mar bhonn chun líon na bpost atá ag gach tairbhí de chuid scéim ZFM a ríomh go cruinn agus nach féidir iad a úsáid mar mhalairt bhailí ar an sainmhíniú ar phoist de réir bhrí RAG 2007 ⁽¹²⁵⁾, measann an Phortaingéil gur sárú é ar an urraim atá dlite d’fheidheanna an Stáit mar a fhoráiltear in Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Ionchur le forbairt réigiúnach

92. Cuireann an Phortaingéil béim ar an méid a chuireann scéim ZFM le forbairt réigiúnach an réigiúin is forimeallaí de Mhaidéara agus cuireann sí staidéar ⁽¹²⁶⁾ ar fáil chun na críche sin ina léirítear ualú ZFM in idirnáisiúnu agus in éagsúlú gheilleagar Mhaidéara. Áitíonn an Phortaingéil freisin go gcomhlíonann an beart feidhmithe Cinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún agus rialacha infheidhme maidir le Stáitchabhair. Is é tátal na Portaingéile freisin gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, ar bhealach comhshreasach, ar scéim ZFM i gcoinne bheartais an Aontais maidir leis na réigiúin is forimeallaí i dtaca le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach.

Cur i bhfeidhm aisghníomhach GBER 2014

- (93) Athdhearbhaíonn an Phortaingéil nach bhféadfaidh GBER 2014 iarratas a dhéanamh go haisghníomhach ar dhámhachtainí cabhrach aonair faoi scéim ZFM chun críocha a gcomhoiriúnacht a dhearbhu, dá ndíolmhófaí leis an Rialachán Ginearálta Blochdhlíolúine iad. Measann an Phortaingéil freisin nach gceanglófaí le léirmhíniú solúbtha GBER 2014 go mbeadh a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ag tairbhíthe ZFM go heisiach sa réigiún is forimeallaí de Mhaidéara. Tháinig an Phortaingéil ar an tuairim go gcaithfidh feidhmiú scéim ZFM a bheith bunaithe ar RAG 2007, a bhí i bhfeidhm ag an am sin.

Aisghabháil agus sárú maidir le hionchais dhlísteanacha agus deimhneacht dhlíthiúil

- (94) Áitíonn an Phortaingéil gur cheadaigh an Coimisiún scéim ZFM roinnt uaireanta san am a chuaigh thart. Mar sin, níorbh fhéidir a iarraidh ar na húdaráis chánach náisiúnta anois an chabhair a aisghabháil.
- (95) Measann an Phortaingéil freisin gur bronnadh na sochair chánach go léir i leith scéim ZFM. Dá bhrí sin, ní chomhlíonadh léirmhíniú difriúil na ceanglais maidir le soiléire, cruinneas nó intuarthacht éifeachtaí i gcásdlí socraithe an Aontais ⁽¹²⁷⁾. Ghlac an Phortaingéil agus faighteoirí cabhrach leis go bhféadfadh muinín a bheith acu go raibh scéim ZFM a cuireadh i bhfeidhm clúdaithe go dlísteanach i gCinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún. Baineann an Phortaingéil de thátal as go bhfuair cuideachtaí, a fuair cúnaimh faoi Scéim III, an ceart chun deimhneacht dhlíthiúil agus slándála agus chun ionchais dhlísteanacha gan a bheith faoi réir aon chinneadh aisghabhála.

⁽¹²⁴⁾ Aithris 29 den Chinneadh seo.

⁽¹²⁵⁾ Mír 42 den Chinneadh Tosaigh.

⁽¹²⁶⁾ Fonóta 55 thuas.

⁽¹²⁷⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 15 Feabhra 1996, *Duff agus Eile*, C-63/93, ECLI:EU:C:1996:51, mír 20, agus tuairim Abhcóide Ghinearálta Cosmas an 8 Meitheamh 1995, ECLI:EU:C:1995:170; breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Meitheamh 2007, *Britannia Alloys & Chemicals v an Coimisiún*, C-76/06 P, ECLI:EU:C:2007:326, mír 79; agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Samhain 2008 *Förster*, C-158/07, ECLI:EU:C:2008:630, mír 67.

5. TUAIRIMÍ Ó THRÍÚ PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS BARÚLACHA ÓN bPORTAINGÉIL

5.1. Tuairimí ó thríú páirtithe leasmhara

- (96) Fuair an Coimisiún barúlacha ó 102 páirtí leasmhar (saoránaigh, cuideachtaí nó cumainn cuideachtaí). Is iad cuideachtaí ZFM agus a gcuid fostaithe a chuir formhór na dtuairimí isteach (94 as 102). Chuir na páirtithe leasmhara sin béim ar a n-ímní faoi fhoirceannadh nó laghdú oibríocht ZFM, rud a mbeadh cailteanas post ollmhór agus tionchar diúltach ar an ngeilleagar réigiúnach mar thoradh air. Ina theannta sin, d'áitigh siad nár cheart cineál na ngníomhaíochtaí arna bhforbairt ag cuideachtaí ZFM a theorannú do chríoch Mhaidéara, ní hamháin toisc go raibh méid an mhargaidh measartha beag, ach go príomha toisc go raibh idirnáisiúnú an gheilleagair sa réigiún is forimeallaí ar cheann d'aidhmeanna an ZFM óna bhunú. Ina theannta sin, bhain siad de tháil as gurbh ionann dearcadh an Choimisiúin ar *'an áit ina ndearnadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha'* agus léirmhíniú sriantach ar dhálaí oibríúcháin ZFM i gcomhthéacs geilleagar oscailte domhanda.
- (97) Ina theannta sin, fuair an Coimisiún barúlacha ó sheacht gcomhlachas cuideachtaí earnála ⁽¹²⁸⁾ agus ón gcuideachta a bhainistíonn an ZFM féin ⁽¹²⁹⁾. Cháin siad d'aon toil an méid a mheasann siad a bheith ina léiriú sriantach ag an gCoimisiún ar an nasc idir an chabhair agus cruthú agus coinneáil post réadach i Maidéara agus an díolúine ó cháin ioncain a chur i bhfeidhm ar ioncam a thig ó *'ghníomhaíochtaí a dhéantar go héifeachtach agus go hábhartha i Maidéara'*.
- (98) Tá achomre sna haithrisí seo a leanas ar na hargóintí a chuir páirtithe leasmhara ar aghaidh chun tacú lena dtuairimí maidir le cabhair a bheith ann, tionscnamh na mbrabús agus cruthú post.
- (99) Ní áitíonn ach páirtí leasmhar amháin, Cumann Tráchtála agus Tionscail Funchal (Associação Comercial e Industrial do Funchal, "ACIF") ⁽¹³⁰⁾, nach ionann an laghdú ar cháin chorparáide agus cabhair. Measann sé nach léiríonn an laghdú cánach ach an difreálach idir na cánacha neamhbhailithe ar ioncam nach mbeadh, in éagmais an laghdaithe cánach sin, ann ar chor ar bith. Costas cánach saorga agus teoriciúil amháin atá i gceist le scéim ZFM, ar costas é a dhéantar a bhuiséadú agus a ríomh go bliantúil chun críocha cuntasáiochta amháin, toisc nach gcomhfhreagraíonn sé do chostas cánach iarbhair nó do laghdú ar ioncam bailithe. Ní bheadh bailiú an difreálaigh cánach sin mar thoradh ar dheireadh a chur le sochair chánach ZFM. Measann ACIF freisin, más rud é go gcaithfear Maidéara a chur i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile a bhfuil córais chánach iomaíoch acu, nach bhfuil na srianta buana céanna rompu agus nach gcuireann teorainn leis na sochair chánach do na poist a chruthaítear, ba cheart a chinneadh nach bhfuil aon bhuntáiste eacnamaíoch ann a bhaineann le scéim ZFM Mhaidéara. I dtaca leis sin, tá seans mór ann go ndéanfaidh scéim ZFM an iomaíocht a shaobhadh agus go ndéanfaidh sí difear don trádáil idir na Ballstáit.
- (100) Áitíonn na páirtithe leasmhara go bhfuil an tacaíocht i bhfabhar réigiún is forimeallaí Mhaidéara á teorannú go mícheart le suíomh na ngníomhaíochtaí agus na bpost atá idirnáisiúnta de réir a gcineáil i réigiún Mhaidéara do chúiteamh díreach ar chostais bhreise arna dtabhú ag cuideachtaí i Maidéara mar gheall ar a míbhuntáistí nádúrtha mar atá cumhdaithe in Airteagal 349 CFAE.
- (101) Measann na páirtithe leasmhara nach dtugann léirmhíniú an Choimisiúin aird ar an gcás nach féidir le gach cuideachta atá bunaithe in ZFM leas a bhaint as an scéim ach amháin má tá buanbhunaíocht acu i Maidéara, agus samhail Choinbhinsiún an ECFE chun cánachas dúbailte a sheachaint á cur san áireamh ⁽¹³¹⁾, agus go bhfuil a n-áit chónaithe agus a n-áit éifeachtach ghnó sa réigiún.

⁽¹²⁸⁾ Associação Comercial e Industrial do Funchal ("ACIF"), Câmara do Comércio e Indústria dos Açores ("CCIA"), Confederação de Comércio e Serviços de Portugal ("CCP"), Confederação da Indústria Portuguesa ("CIP"), Confederação de Turismos de Portugal ("CTP"), Cumann Idirnáisiúnta Úinéirí Long na Portaingéile ("EISAP") agus "EURODOM" (comhlachas ionadaíoch réigiúin is forimeallaí na Fraince).

⁽¹²⁹⁾ Sociedade de Desenvolvimento da Madeira S.A. ("SDM"). Is é an SDM, ó 1984 i leith, an chuideachta atá freagrach, thar ceann Rialtas Réigiúnach Mhaidéara ("conradh lamháitais"), as bainistiú, riarachán agus cur chun cinn an ZFM (ar a dtugtar freisin "Ionad Gnó Idirnáisiúnta Mhaidéara, "IBC").

⁽¹³⁰⁾ Is comhlachas gnó é ACIF a dhéanann ionadaíocht ar 800 cuideachta ghaolmhar ó gach earnáil gníomhaíochta (63 % i dtrádáil agus i seirbhísí, 23 % sa tionscal, agus 14 % sa turasóireacht).

⁽¹³¹⁾ Coinbhinsiún Eiseamláireach Cánach ECFE ar Ioncam agus Caipiteal: leagan comhdhlúite 2017 (https://www.oecd-ilibrary.org/taxation/model-tax-convention-on-income-and-on-capital-condensed-version_20745419)

- (102) Thairis sin, maíonn na páirtithe leasmhara nach mór líon mór gníomhaíochtaí atá á gcur i gcrích ag cuideachtaí ZFM faoi láthair sa bhreis ar ghníomhaíochtaí neamhábharta a chur i gcrích in áit eile seachas a gceanncheathrú. Is ionann teorannú féidearthachta den sórt sin agus caitheamh lánroghnach agus dhiúltach le Maidéara, rud atá dothuigthe agus míreasúnta, go háirithe i gcás dreasachtaí nach caiteachas cánach éifeachtach iad – ach caiteachas fíorúil nó dealraitheach – ná fiú cailteanas ioncaim cánach do réigiún Mhaidéara.
- (103) Ní éilíonn ach líon teoranta páirtithe leasmhara go bhfuil an Coimisiún ag cur coisc ar idirnáisiúnu gheilleagar Mhaidéara trí leithlisiú eacnamaíoch an réigiúin a spreagadh, rud a sháróidh prionsabail an gheilleagair mhargaidh agus comhtháthú na réigiúin is lú fabhrach isteach ann.
- (104) Measann na páirtithe leasmhara freisin go bhfuil cur isteach scéim ZFM i leith na sainmhíithe, na gcoinníollacha agus na bprionsabail a leagtar amach i RAG 2007 maidir le sainmhíniú agus ríomh post maslach, ós rud é gur faomhadh an scéim cabhrach mar chabhair oibriúcháin réigiúnach agus ní mar chabhair infheistíochta. Dá bhrí sin, níl sé iomchuí na critéir agus na coincheapa a shainítear i mír 58 agus fonóta 52 de RAG 2007 a chur i bhfeidhm, fiú amháin ar bhealach analógach, maidir leis an measúnú ar Státchabhair réigiúnach oibriúcháin, lena n-áirítear an chabhair atá údaraithe do scéim ZFM. Ar deireadh, maíonn na páirtithe leasmhara nach mór an coincheap ‘post’ a mheas faoi na sainmhíithe agus na coinníollacha atá leagtha amach i gCód Oibreachais na Portaingéile.
- (105) Sonraíonn na páirtithe leasmhara freisin, faoi fhorálacha GBER, go ndéantar foráil go heisiach don choincheap “cruthú fostaíochta” le hAirteagal 14, lena rialaítear cúnamh infheistíochta réigiúnach, agus le hAirteagal 17, lena rialaítear cúnamh infheistíochta do FBManna. Sa dá chás, chun a gcostais incháilithe a dhí-theorannú, “déantar na costais mheasta pá a eascraíonn as fostaíocht a chruthú, mar thoradh ar infheistíocht tosaigh, a ríomh thar thréimhse dhá bhliain”. Tagann na páirtithe leasmhara ar an gconclúid “nach mbaineann an chabhair a dheonaítear do chuideachtaí ZFM le costais pá, nach dtagann sé faoi aon infheistíocht tosaigh agus nach bhfuil sé teoranta do thréimhse 2 bhliain”.
- (106) Ní áitíonn ach líon teoranta páirtithe leasmhara nach bhfuil an coincheap “líon aonad oibríthe bliantúil (AWU)” leagtha amach ach in Airteagal 5 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le GBER 2014 (mar a bhí faoi GBER 2008). Ina theannta sin, áitíonn siad go bhfuil sé i gceist leis an gcoincheap FBManna a “chosaint” trí chosc a chur ar a mheas go bhfuil a gcuid fostaíthe go léir “éifeachtach” agus ar iad a áireamh mar “fhostaí iomlán”, go háirithe chun nach mbeidh an t-uaslíon oibríthe inghlactha chun críche a stádas FBM a sháru (¹³²).
- (107) Ina theannta sin, áitíonn na páirtithe leasmhara nach bhfuil aon chiall loighciúil agus dhlíthiúil ag baint le “ceanglas na AWUnna” do phoist bhainistíochta na gcuideachtaí a bhaineann leas as an scéim. I gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme lena rialaítear comhaltaí de chomhlachtaí corpraithe bainistíochta (¹³³), tá comhlíonadh cúraimí/dualgas den sórt sin i níos mó ná cuideachta amháin dlíthiúil. Dá bhrí sin, ní hamháin go ndéanann léirmhíniú an Choimisiúin “lena gcuirtear toirmeasc” ar chomhlíonadh cúraimí/dualgas den sórt sin i níos mó ná cuideachta amháin an creat dlí náisiúnta a threascairt, ach déanann sé neamhaird d’ábhar feidhme na ndualgas/na bpost lena mbaineann agus de shaintréithe na ndaoine a chomhlánaíonn na poist sin.
- (108) Maíonn na páirtithe leasmhara nach bhfuil buanseasmhacht agus infhaighteacht iomlán eisiach de dhíth do na poist bhainistíochta agus na cúraim lena mbaineann, toisc gur daoine ardcháilithe agus ardoilte a líonann na dualgais oifige sin de ghnáth, a thugann faoi ghníomhaíochtaí gairmiúla agus gnó eile go minic. Tá cásanna gan teorainn de riarthóirí/stiúrthóirí agus/nó bainisteoirí-fiontraithe atá nasctha le roinnt cuideachtaí, a chuireann a saineolas agus a scileanna gairmiúla le forbairt cuideachtaí den sórt sin. Ina theannta sin, tháinig na páirtithe leasmhara ar an tuairim, contrártha do thuairim an Choimisiúin, nach bhfuil aon riail ná teorann ann maidir le carnadh féideartha post/dualgas i níos mó ná cuideachta amháin atá bunaithe i ZFM. Mar sin, meastar gur “fostaithe éifeachtacha” iad sealbhóirí bord bainistíochta cuideachta ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha sa reachtaíocht náisiúnta chun na críche sin.

(¹³²) Féach an litir ó ACIF an 12 Aibreán 2019, Iarscríbhinn I maidir le cosaint an ZFM agus a gcuideachtaí, lch. 26.

(¹³³) Ní fhéadfár luach saothair a thabhairt i leith comhlíonadh dualgas den sórt sin. Socraíonn an chuideachta an luach saothair faoi shaoirse agus ní gá go mbeadh sé i gcomhchoibhneas le líon na n-uaireanta oibre iarbhrí nó leis an luach saothair a thuilleann fostaithe eile. Níl aon fheidhmíocht ar bhonn eisiach, ach amháin má fhorchuireann an chuideachta é agus go nglacann sealbhóir an bhoird bainistíochta leis. Déantar na dualgais sin a chomhlíonadh, mar riail, ar dhíolúine ó uaireanta oibre, agus níl siad faoi réir aon físteorainneacha ná uasteorainneacha don thréimhse oibre.

- (109) Ní éilíonn ach líon teoranta páirtithe leasmhara idirdhealú dearfach i bhfabhar Mhaidéara ar bhonn a stádais mar an réigiún is forimeallaí mar a aithnítear in Airteagal 349 CFAE agus leagann siad béim ar thábhacht ZFM i ngeilleagar Mhaidéara ⁽¹³⁴⁾ (lena n-áirítear cainníochtú an tionchair ar an réigiún, má scoireann an gnó is mó atá ag oibriú ann faoi láthair de bheith ag trádáil ⁽¹³⁵⁾).
- (110) Ar deireadh, tá líon teoranta páirtithe leasmhara ag éileamh go sáródh aon téarnamh prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Chuige sin, áitíonn siad go sáródh an Coimisiún prionsabail na deimhneachta dlíthiúla ⁽¹³⁶⁾ agus na n-ionchas dlísteanaigh mar a shocraítear i gcásdlí an Aontais iad, trína chinneadh gurb ionann an scéim atá á cur chun feidhme ag an bPortaingéil agus cabhair neamhdhleathach ⁽¹³⁷⁾.

5.2. Tuairimí ón bPortaingéil

- (111) Chuir an Coimisiún na barúlacha a fuarthas ó pháirtithe leasmhara ar aghaidh chuig an bPortaingéil ar an 23 Bealtaine agus ar an 12 Meitheamh 2018. Is féidir freagra na Portaingéile ar na barúlacha sin a achoimriú mar seo a leanas ⁽¹³⁸⁾.
- (112) Cuireann an Phortaingéil i bhfios go láidir go sonraítear go soiléir i ngach barúil a fhaightear ó pháirtithe leasmhara go bhfuil scéim ZFM mar atá curtha i bhfeidhm ag an bPortaingéil ag luí leis an margadh inmheánach. Leagtar béim sna na barúlacha sin freisin ar a thábhachtaí atá an ZFM don fhorbairt réigiúnach, do chomhtháthú na críche, d'fhostaíocht réigiún Mhaidéara chomh maith lena chion le hiarmhairtí stádais is forimeallaí Mhaidéara a laghdú. Dá bhrí sin measann siad nach gcruthaítear na rioscaí agus na cásanna ba chúis le réamhchonclúidí an Choimisiúin
- (113) Tugann an Phortaingéil dá haire freisin go léiríonn líon agus brí na mbarúlacha a fuarthas nach bhfuil aon tionchar suntasach ag an scéim ar thrádáil idir Ballstáit nó ar an iomaíocht.
- (114) Ina theannta sin, na barúlacha dearfacha ginearálta a fuarthas, an easpa barúlacha ó dhlínsí atá in iomaíocht le scéim ZFM, agus an easpa barúlacha ó chuideachtaí nach mbaineann leas as an scéim, measann an Phortaingéil gur táscairí láidre iad sin go bhfuil an scéim curtha i bhfeidhm i gceart.
- (115) Áitíonn an Phortaingéil ar an gCoimisiún cineál dlíthiúil ARM mar réigiún is forimeallaí a chur san áireamh faoi théarmaí agus chun críocha Airteagal 349 CFAE agus Ionstraim Aontachais na Portaingéile le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE), ag cur san áireamh go bhfuil údar leis an idirdhealú dearfach mar thoradh ar an scéim fhaofa.

⁽¹³⁴⁾ An 31 Nollaig 2017, maidir le fostaíocht, bhí [5 000-10 000] duine fostaíthe i ZFM ([1 000 -3 000] i Seirbhísí Idirnáisiúnta; [100-1 000] sa chrios tionsclaíoch, agus [4 000-6 000] sa Chlár Loingseoireachta Idirnáisiúnta). In 2018, de réir sonraí a bailíodh go díreach trí shuirbhé a rinne ACIF, bhí [1 000-3 000] fostaí i seirbhísí idirnáisiúnta mar chuid den ZFM. Ar 31 Nollaig 2018, bunaíodh [1 000-3 000] cuideachta i ZFM. De réir sonraí arna dtíomsú ag Údarás Cánach Mhaidéara, ghin an ZFM in 2018 ioncam cánach díreach chuig Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara de EUR [50 000-200 000] míle, arb ionann é agus [10-20] % den ioncam cánach iomlán a bailíodh sa réigiún. De réir sonraí ó Bhanc na Portaingéile in 2013, bhí an ZFM freagrach as [10-20] % den infheistíocht dhíreach sa Phortaingéil. Féach cosaint ACIF ar an ZFM agus na cuideachtaí atá socraithe ansin, lgh. 29-35 (larscríbhinn I a ghabhann leis an litir ó ACID an 12 Aibreán 2019).

⁽¹³⁵⁾ Ag glacadh leis go scoirfeadh na cuideachtaí go léir atá suiteáilte faoi láthair i ZFM dá ngníomhaíocht sa réigiún (cás 1), meastar go dtiocfaidh laghdú idir [1-10] % agus [10-20] % ar GVA, mar chéatadán den GVA in 2015, agus laghdú idir [1 000-4 000] agus [5 000-7 000] post ar an bhfostaíocht. Má choinnítear aon chuid den ghníomhaíocht atá ann faoi láthair, ach i gcás go scoireann cuideachtaí atá freagrach as [80-90] % den GVA a ghintear i ZFM faoi láthair dá ngníomhaíocht (cás 2), comhfhreagróidh na héifeachtaí atá tuartha do ghéarchéim freisin, le laghdú [1-10] % go [1-10] % agus cailteanas post idir [1 000-3 000] agus [4 000-6 000]. Féach an litir ó ACIF an 12 Aibreán 2018, lgh. 36-37, agus an staidéar faoi iamh arna choimisiúnú ag ACIF chuig an Ionad um Staidéar Feidhmeach de chuid Ollscoil Chaitliceach na Portaingéile i Liospóin: CONFRARIA, João, "Impacto do Centro Internacional de Negócios da Madeira na economia da Região", Universidade Católica de Lisboa – Centro de Estudos Aplicados, 4 Aibreán 2019, lch. 1-25.

⁽¹³⁶⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 5 Iúil 2012, SIAT, C-318/10, ECLI:EU:C:2012:415; breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Itelcar*, C-282/12, ECLI:EU:C:2013:629; agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Meitheamh 2015, *Berlington an Ungáir agus Daoine Eile*, C-98/114, ECLI:EU:C:2015:386.

⁽¹³⁷⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 24 Samhain 2005, *an Ghearmáin v an Coimisiún*, C-506/03, ECLI:EU:C:2005:715, mír 58; agus breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 3 Nollaig 2014 *Castelnuo Energív an Coimisiún*, T-57/11, ECLI:EU:C:2014:1021, mír 189.

⁽¹³⁸⁾ Litir ón bPortaingéil an 26 Meitheamh 2019 (2019/082914).

- (116) Measann an Phortaingéil freisin go bhfuil ZFM thar a bheith tábhachtach don Stát agus do nuachóiriú, éagsúlú agus forbairt réigiún Mhaidéara, toisc go gcuireann sé go cinntitheach leis na córais eacnamaíocha agus airgeadais agus go bhfuil tionchar ábhartha aige ar an ngeilleagar náisiúnta agus ar an airgeadas. Ní bheadh a leithéid de nuachóiriú agus forbairt indéanta mura mbeadh na poist cruthaithe agus forbartha go héifeachtach sa réigiún mar aon le hinfheistíochtaí ábhartha.
- (117) Cuireann an Phortaingéil i bhfios go láidir go bhfuil éagsúlacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar i ZFM, líon na bpost díreach agus indíreach a cruthaíodh, na hinfheistíochtaí (intíre agus coigríche) a rinneadh, an tomhaltas a ghintear, ranníocaíocht láidir na gcánacha a bailíodh leis an mbuiséad réigiúnach chomh maith le hidirnáisiúnta an gheilleagair réigiúnaigh rithábhachtach d'inhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta Mhaidéara. Tá sé sin mar thoradh freisin ar na staidéir eacnamaíocha atá i gceangal leis na barúlacha a chuir ACIF isteach.
- (118) Ina theannta sin, cuireann an Phortaingéil a tuairim in iúl go ndearbhaítear sna barúlacha ó pháirtithe leasmhara gur fheidhmigh údaráis na Portaingéile a cumhachtaí maoirseachta maidir le coinníollacha incháilitheachta na scéime. Go pointe áirithe léirítear sna barúlacha a cuireadh isteach go raibh an rialú a rinne údaráis na Portaingéile ar thairbhíthe scéim ZFM níos déine ná ceanglais Chinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún.
- (119) Ar deireadh, áitíonn an Phortaingéil go gceanglaítear le hAirteagal 36 den EBF poist a chruthú gan a lua go sainráite nach mór poist den sórt sin a chruthú sa réigiún. Áitíonn an Phortaingéil freisin nár ceapadh cruthú post mar bhealach chun a fhíorú conas a chuir gach cuideachta go sonrath le forbairt an réigiúin; ina ionad sin, ní dhearnadh ach é a mheas mar chritéar gníomhaíochta eacnamaíche substaintiúla, i bhfianaise mholtaí ECFE agus an Ghrúpa um an gCód Iompair (Cánachas Gnó ⁽¹³⁹⁾), d'fhonn cuideachtaí “caocha” a eisiamh ⁽¹⁴⁰⁾.

6. MEASÚNÚ AR AN gCABHAIR

6.1. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

- (120) De réir Airteagal 107(1) CFAE “aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfáidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid is go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit”.
- (199) Measann an Phortaingéil nach bhfuil feidhm ag GBER 2014 go haisghníomhach maidir le dámhachtainí cabhrach aonair faoi scéim ZFM chun críocha a gcomhoiriúnacht a dhearbhu ⁽¹⁹⁵⁾. Measann an Phortaingéil freisin nach n-éileodh léirmhíniú solúbtha ar GBER 2014 go mbeadh a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ag tairbhíthe ZFM i Mhaidéara. Ní mór na dámhachtainí cabhrach aonair a scrúdú faoi na coinníollacha maidir le cabhair oibriúcháin réigiúnach dá bhforáiltear faoi RAG 2007 agus tá siad clúdaithe freisin i gCinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún.
- (200) Ós rud é gur chuir an Phortaingéil an scéim chun feidhme de shárú ar Chinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún agus nach féidir a mheas go bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Rialachán 2007, ní mór don Choimisiún a scrúdú an bhféadfaí a mheas, mar sin féin, go bhfuil dámhachtainí aonair faoin scéim sin ⁽¹⁹⁶⁾ comhoiriúnach faoi GBER 2014, a d'fhéadfadh a bheith infheidhme go cúlghabhálach maidir le cabhair aonair, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha ⁽¹⁹⁷⁾.

⁽¹⁹²⁾ “Centro Internacional de Negócios da Madeira”, Sociedade de Desenvolvimento da Madeira, Staidreamh Nollaig 2018.

⁽¹⁹³⁾ Breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 9 Meán Fómhair 2009, *Diputación Foral de Álava agus Daoine Eile, v an Coimisiún*, T-30/01 go T-32/01 agus T-86/02 go T-88/02, ECLI:EU:C:2009:314, mír 226.

⁽¹⁹⁴⁾ 2007 RAG, mír 80.

⁽¹⁹⁵⁾ Airteagal 58(1) de GBER 2014.

⁽¹⁹⁶⁾ Ní mheasann an Coimisiún gur gá anailís a dhéanamh ar thréith chabhrach na scéime, ós rud é nár áitigh an Phortaingéil riamh nach scéim chabhrach í scéim ZFM de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 ina leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 93 de Chonradh CE (IO L 83, 27.3.1999, lch. 1, nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh).

⁽¹⁹⁷⁾ Airteagal 58(1) de GBER 2014.

- (201) I gcomhréir le hAirteagal 15(4) de GBER 2014, “[s]na réigiúin is forimeallaí, cúiteoidh na scéimeanna cabhrach oibriúcháin na costais oibriúcháin bhreise a thabhaítear sna réigiúin sin mar thoradh díreach ar cheann amháin nó níos mó de na buan-mhíbhuntáistí dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh, i gcás ina bhfuil a ngníomhaíocht eacnamaíoch ag na tairbhíthe i réigiún is forimeallaí ar choinníoll nach sáróidh méid na cabhrach bliantúla in aghaidh an tairbhí faoi na scéimeanna cabhrach oibriúcháin go léir a chuirtear chun feidhme faoin Rialachán seo ceann amháin de na céatadáin seo a leanas: (a) 35 % den bhreisluach comhlán gach bliain arna chruthú ag an tairbhí sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann; (b) 40 % de na costais bhliantúla saothair arna dtabhú ag an tairbhí sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann; (c) 30 % de láimhdeachas bliantúil an tairbhí arna réadú sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann”. Mar a luadh san Airteagal seo, is é an réasúnaíocht atá leis an údarú eisceachtúil seo ar chabhair oibriúcháin do chuideachta na costais bhreise a eascraíonn as gníomhaíocht a bheith aici sa réigiún is forimeallaí a chúiteamh.
- (202) Is réigiún is forimeallaí é Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara arna ainmniú le hAirteagal 349 CFAE. Dá bhrí sin, bunaithe ar Airteagal 15(4) de GBER 2014 tá sé incháilithe do chabhair réigiúnach faoin maolú dá bhforáiltear in Airteagal 107(3)(a) CFAE, ar choinníoll: (i) go bhfuil a ngníomhaíocht ag na tairbhíthe sa réigiún is forimeallaí, agus (ii) nach sáraíonn méid na cabhrach bliantúla na cabhrach uaschéatadán den oll-bhreisluch bliantúil, nó de chostais bhliantúla oibre nó de láimhdeachas bliantúil an tairbhí arna dtabhú/réadú sa réigiún.
- (203) Tugann an Coimisiún le fios go bhfuil sochair chánach sa bheart a cuireadh chun feidhme, a bhfuil d'éifeacht leo na speansais a bheadh le híoc ag cuideachtaí mar chuid dá ngníomhaíochtaí gnó a laghdú. Dá bhrí sin, is ionann é agus cabhair oibriúcháin i bhfabhar na gcuideachtaí a d'fhéadfadh leas a bhaint as i ZFM.
- (204) Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil le linn fhaireachán 2015, ní gá go mbeadh a ngníomhaíocht éifeachtach i Maidéara ag tairbhíthe scéim ZFM arna chur chun feidhme ag an bPortaingéil. Ina theannta sin, ní gá go mbaineann méideanna na cabhrach atá i gceist le breisluch comhlán, le costais saothair nó le láimhdeachas arna ghiniúint i Maidéara.

Conclúid

- (205) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go bhfuil forálacha GBER 2014 á sárú ag na dámhachtainí cabhrach aonair faoi scéim ZFM arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil.

Conclúid

- (206) I bhfianaise gach a bhfuil thuas, cinneann an Coimisiún gur cabhair neamhdhleathach í scéim ZFM arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil nach bhfuil ag luí leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107(3)(a) CFAE.
- (207) Dá bhrí sin, ní modh iomchuí é cinneadh coinníollach a ghlacadh de réir bhrí Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2015/1589, mar a mhol an Phortaingéil ⁽¹⁹⁸⁾, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a ardaítear i roinn 6.2 den Chinneadh seo.

7. TÉARNAMH, DEIMHNEAGHT DHLÍTHIÚIL AGUS IONCHAIS DHLISTEANACHA

7.1. Aisghabháil

- (208) I gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le cásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil chun a chinneadh ar cheart don Bhallstát lena mbaineann cabhair a athrú nó deireadh a chur léi nuair a chinnfidh sé nach bhfuil sé ag luí leis an margadh inmheánach ⁽¹⁹⁹⁾. Chinn Cúirteanna an Aontais go comhsheasmhach freisin go bhfuil an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair a measann an Coimisiún nach bhfuil sí ag luí leis an margadh inmheánach ceaptha chun an staid a bhí ann roimhe seo a athbhunú ⁽²⁰⁰⁾.

⁽¹⁹⁸⁾ Aithris 71 den Chinneadh seo.

⁽¹⁹⁹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Iúil 1973, *an Coimisiún v an Ghearmáin*, C-70/72, ECLI:EU:C:1973:87, mír 13.

⁽²⁰⁰⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Márta 1990, *an Bheilg v an Coimisiún*, C-142/87, ECLI:EU:C:1990:125, mír 66.

- (209) Sa chomhthéacs sin, shocraigh Cúirteanna an Aontais go mbaintear an cuspóir sin amach a luaithe a aisíocann an faighteoir na méideanna a deonaíodh trí bhíthin cabhair neamhdhleathach, ag forghéilleadh an bhuntáiste dá bhrí sin, as a bhain sé leas thar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach, agus aschuirtear an cás a bhí ann sular íocadh an chabhair ⁽²⁰¹⁾.
- (210) I gcomhréir leis an gcásdlí, foráiltear le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2015/1589 “[i] gcás go ndéanfar cinntí diúltacha i gcásanna cabhrach neamhdhleathaigh, cinnfidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann beart riachtanach chun an chabhair a aisghabháil ón tairbhí”.
- (211) Mar sin, ós rud é gur sáraíodh le hAirteagal 108(3) CFAE an beart i dtrácht, agus go measfar gur cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach é, ba cheart é a aisghabháil chun an staid mar a bhí ar an margadh inmheánach a aschur roimh a ndeonú. Ba cheart go gcumhdódh gnóthú an t-am ón dáta a cuireadh an chabhair ar fáil don tairbhí go dtí go an gnóthú éifeachtach. Ba cheart ús a ghearradh ar an méid atá le gnóthú go dtí go dtí gnóthú éifeachtach.

Sainnithint na dtairbhíthe ónar féidir an chabhair a ghnóthú

- (212) Ní mór an chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a ghnóthú ó na gnóthais a bhain tairbhe as i ndáiríre. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil an Coimisiún in ann na gnóthais go léir a fuair cabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a shainnithint, sa chinneadh féin, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann é sin a dhéanamh ag tús chur chun feidhme an phróisis um ghnóthú, a mbeidh orthu féachaint ar chás aonair gach gnóthais lena mbaineann.
- (213) Sa chás áirithe seo, is iad na daoine nádúrtha agus dlítheanacha sin atá cláraithe i ZFM ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2014 tairbhíthe ionchasacha na Státchabhrach neamhdhleathaí agus neamh-chomhoiriúnaí. Ón ngrúpa tosaigh seo de thairbhíthe, ba cheart d’údaráis na Portaingéile na daoine nádúrtha agus dlítheanacha sin ar féidir cruthúnas a sholáthar ina leith a eisiamh ó ghnóthú ar an gcoinníoll: (i) gur chomhlíon siad na coinníollacha is gá chun leas a bhaint as scéim ZFM mar a formheasadh le Cinneadh 2007 agus 2013 ón gCoimisiún, rud a chiallaíonn go raibh a dtuilleamh nasctha le gníomhaíocht a rinneadh go héifeachtach agus go hábhartha i Maidéara agus poist a cruthaíodh/coinníodh go héifeachtach sa réigiún; nó (ii) nach dtéann an buntáiste iomlán a fhaightear in aghaidh an tairbhí faoin scéim thar na tairseacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1998/2006 ⁽²⁰²⁾ nó i Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ⁽²⁰³⁾, fad a chomhlíonann na buntáistí sin na coinníollacha eile a leagtar síos sna rialacháin sin freisin; nó (iii) go gcomhlíonann an chabhair aonair a fhaigheann tairbhí áirithe na coinníollacha a leagtar síos le rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle ⁽²⁰⁴⁾, amhail GBER 2014.
- (214) Is iad na daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a bhain leas as scéim ZFM tairbhíthe na Státchabhrach a cuireadh i bhfeidhm go neamhdhleathach óna gceanglaítear ar údaráis na Portaingéile an buntáiste cabhrach a fuarthas a ghnóthú.

Cainníochtú na cabhrach

- (215) Níl ceanglas dlíthiúil ar an gCoimisiún an méid beacht atá le gnóthú a shocrú, go háirithe nuair nach bhfuil na sonraí riachtanacha aige chun é sin a dhéanamh. Ina ionad sin, is leor do chinneadh an Choimisiúin faisnéis a chur san áireamh lena gcumasófar don Bhallstát an méid inghnóthaithe a chinneadh gan deacracht iomarcach.
- (216) Measann an Coimisiún gur cheart don Phortaingéil an mhodheolaíocht seo a leanas a úsáid chun méid na cabhrach neamh-chomhoiriúnaí atá le haisghabháil ó gach tairbhí a chinneadh:
- (a) líon na bpost, in ALU, a chruthaítear agus a shealbhaítear sa réigiún in aghaidh an tairbhí, in aghaidh na bliana a shocrú;

⁽²⁰¹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Meitheamh 1999, *an Bheilg v an Coimisiún*, C-75/97, ECLI:EU:C:1999:311, míreanna 64 agus 65.

⁽²⁰²⁾ Fonóta 170 thuas.

⁽²⁰³⁾ Fonóta 171 thuas.

⁽²⁰⁴⁾ Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar chatagóirí áirithe státchabhrach cothrománach (IO L 248, 24.9.2015, lch. 1).

- (b) an bonn inchánach, in aghaidh na bliana, i ndáil le tuilleamh atá nasctha le gníomhaíocht a dhéantar go héifeachtach agus go hábhartha i Maidéara a chinneadh;
- (c) an ráta cánach ZFM a chur i bhfeidhm ar an mbonn inchánach sin agus líon na bpost arna gcruthú a shainaithnítear i bpointe á chur san áireamh, (a) ar bhonn na dtáblaí ríomha a chuirtear i láthair in aithrisí 12 agus 16 den Chinneadh seo;
- (d) beidh méid na cabhrach comhionann leis an méid éifeachtach a gheofar in aghaidh an tairbhí in aghaidh na bliana luide an méid atá nasctha go héifeachtach leis an gníomhaíocht i Maidéara arna ríomh mar atá i bpointe (c).
- (217) I ngach cás inar gá gnóthú a dhéanamh, cuirfear an gnóthú sin in éifeacht ón tráth a d'fhabhraigh an buntáiste do na tairbhíthe, is é sin, ó dháta an ghnímh dhlíthiúil lena dtugtar an ceart chun tairbhe a bhaint as scéim den sórt sin do na tairbhíthe, gan dochar don tréimhse teorann chun cabhair a ghnóthú dá bhforáiltear in Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2015/1589.
- (218) Ba cheart ús a ghearradh ar na suimeanna atá le gnóthú ón dáta a cuireadh ar lámh na dtairbhíthe iad go dtí go n-aisghabhfar iad i ndáiríre. Ba cheart an t-ús a ríomh ar bhonn cumaisc i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ⁽²⁰⁵⁾.
- (219) Le linn an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, bhí deacracht ag an bPortaingéil faisnéis iontaofa a sholáthar chun tairbhíthe a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh an bhfuair siad cabhair agus cé mhéad cabhrach a fuair siad faoin scéim. Ní féidir a chur as an áireamh, agus an liosta deiridh de na tairbhíthe agus na méideanna cabhrach comhfhreagracha atá le gnóthú á mbunú, mar a fhoráiltear leis an modh atá leagtha amach in aithris 216 den Chinneadh seo, go bhféadfadh sé go mbeadh gá le breis ama arís ag an bPortaingéil. I gcomhréir leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le Státchabhair ⁽²⁰⁶⁾ atá neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a ghnóthú maidir leis an uainiú chun méideanna Státchabhrach neamhdhlíthiúla agus neamh-chomhoiriúnacha a ghnóthú ó thairbhíthe aonair, ba cheart go mbeadh ceithre mhí ag údarais na Portaingéile chun liosta críochnaitheach tairbhíthe a chur isteach mar aon le plean cur chun feidhme an phróisis um ghnóthú, agus ocht mí chun an gnóthú a chur chun feidhme i ndáiríre.

7.2. Deimhneacht dhlíthiúil agus ionchais dhlísteana

- (220) Measann an Phortaingéil go bhfuair cuideachtaí, a fuair cabhair faoi scéim ZFM, an ceart chun deimhneachta dlíthiúla agus chun ionchais dhlísteana a ghaibh faoi réir aon chinneadh gnóthaithe ⁽²⁰⁷⁾.
- (221) D'ardaigh líon teoranta de thríú páirtithe leasmhara argóint den chineál céanna ⁽²⁰⁸⁾.
- (222) Tá sé socraithe sa chásdlí gur prionsabal ginearálta de dhlí AE é an prionsabal maidir le hionchais dhlísteana a chosaint. Glacadh go comhleanúnach leis an bprionsabal sin i ndlíchoras an Aontais le cásdlí, a chuir síos air mar "riail uachtarach dlí" chun daoine aonair ⁽²⁰⁹⁾ a chosaint, mar "cheann de phrionsabail bhunúsacha an Chomhphobail" ⁽²¹⁰⁾ agus mar "phrionsabal ginearálta" ⁽²¹¹⁾. Meastar gurb é comhthoradh phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla, lena gceanglaítear go gcaithfidh reachtaíocht an Aontais a bheith cinnte agus go mbeidh a chur i bhfeidhm intuartha ag daoine faoina réir, sa mhéid is go bhféachann sé, i gcás ina n-athraítear rialacha, le

⁽²⁰⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1). Féach, go háirithe, leasú Airteagal 9 agus Airteagal 11(3) le Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 82, 25.3.2008, lch. 1).

⁽²⁰⁶⁾ Fógra ón gCoimisiún maidir le Státchabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a ghnóthú (2019/C 247/01) (IO C 247, 23.7.2019, lch. 1), míreanna 68 agus 72.

⁽²⁰⁷⁾ Aithris 94 agus Airteagal 95 den Chinneadh seo.

⁽²⁰⁸⁾ Aithris 110 den Chinneadh seo.

⁽²⁰⁹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 14 Bealtaine 1975 *CNTA v an Coimisiún*, 74/74, ECLI:EU:C:1975:59, mír 44.

⁽²¹⁰⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Meitheamh 2005, *VEMW agus Daoine Eile*, C-17/03, ECLI:EU:C:2005:362, mír 73.

⁽²¹¹⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 4 Deireadh Fómhair 2001, an *Iodáil v an Coimisiún*, C-403/99, ECLI:EU:C:2001:507, mír 35.

cosaint na staideanna a ndeachaigh duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó isteach ann a chosaint go háirithe ⁽²¹²⁾. Mar a thuairiscítear in aithris 12 go 17 den Chinneadh seo, bhí na ceanglais a leagtar síos i gCinntí 2007 agus 2013 ón gCoimisiún maidir lena mheas go bhfuil scéim ZFM ag luí leis an margadh inmheánach soiléir, agus go raibh cur chun feidhme na gceanglas sin intuartha go soiléir. Dá bhrí sin, le cinneadh um ghnóthú sa chás seo urramaítear prionsabal na deimhneachta dlíthiúla go hiomlán.

- (223) De réir chásdlí socraithe an Aontais, foráiltear leis an gceart dul i muinín phrionsabal na n-ionchas dlisteanach go bhfuil dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha a thagann ó fhoinsí údaraithe iontaofa tugtha don duine lena mbaineann ag institiúid de chuid AE ⁽²¹³⁾. Ní fhéadfaidh duine, áfach, sárú ar an bprionsabal sin a phléadáil mura mbeidh ráthaíochtaí beachta tugtha aige nó aici ón riarachán ⁽²¹⁴⁾.
- (224) Dá bhrí sin, ní féidir aon ionchais dhlisteanacha a bheith ann go bhfuil cabhair dleathach mura rud é gur deonaíodh í i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 108 CFAE, ós rud é gur gnách gur cheart go mbeadh fear gno díograiseach in ann a chinneadh ar cloíodh leis an nós imeachta sin ⁽²¹⁵⁾.
- (225) Mar is léir ón gCinneadh seo, nach gcuireann an Coimisiún i gcoinne na scéime cabhrach a d'fhorghas sé ina Chinntí 2007 agus 2013 a bheith ann ná i gcoinne a chomhoiriúnachta. Baineann an Cinneadh seo le cur i bhfeidhm scéim ZFM a mhéid nár chomhlíon sí téarmaí na gcinntí sin (i.e. a mhéid a cheadaigh sé i gcásanna áirithe do chuideachtaí atá cláraithe i ZFM leas a bhaint as cabhair i bhfoirm laghdaithe ráta cánachais ar bhrabúis a eascraíonn as gníomhaíochtaí nach ndéantar go héifeachtach ná go hábhartha i Maidéara, agus a ríomhtar ar bhonn líon do-fhíoraíthe na bpost a cruthaíodh nó a coinníodh i ZFM). Ní bhaintear de thátal as, de bhrí gur fhorghas an Coimisiún scéim ZFM faoina Chinntí 2007 agus 2013, go dtabharfadh an Coimisiún dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha agus go ndéileálfai le Scéim III mar chabhair chomhoiriúnach lena n-áirítear i gcásanna nach gcloífi le téarmaí an fhorghasa.
- (226) Meabhraíonn an Coimisiún freisin gur iarr sé go dtabharfaí isteach foráil sainráite sa dréacht-dlí ar thug an Phortaingéil fógra ina leith an 28 Meitheamh 2006 lena mbunaítear go mbeadh na laghduithe cánach teoranta do bhrabúis a thagann as gníomhaíochtaí a rinneadh i Maidéara ⁽²¹⁶⁾. Dhiúltaigh an Phortaingéil é sin a dhéanamh toisc gur mheas sí nach raibh gá le soláthar den sórt sin toisc gur tháinig an méid sin ó bhunús dlí ZFM ⁽²¹⁷⁾.
- (227) I bhfianaise an mhéid thuas, ní féidir leis an bPortaingéil ná le tairbhíthe scéim ZFM a mhaíomh go bailí go sárófaí prionsabail na n-ionchas dlisteanach nó na deimhneachta dlíthiúla dá gcinnfi gurb ionann scéim ZFM, arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil, agus cabhair nach bhfuil ag luí leis an margadh inmheánach, rud a chuirfeadh bac ar ghnóthú na cabhrach neamh-chomhoiriúnaí sin.

⁽²¹²⁾ Féach, chuige sin, breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 18 Bealtaine 2000, *Rombi agus Arkopharma*, C-107/97, ECLI:EU:C:2000:253, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear ann, agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Léger a tugadh an 9 Feabhra 2006, *an Bheilg agus Fóram 187 v an Coimisiún*, i gcásanna C-182/03 agus C-217/03, ECLI:EU:C:2006:89, mír 367.

⁽²¹³⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Iúil 2011, *Alcoa Trasformazioni v an Coimisiún*, C-194/09 P, ECLI:EU:C:2011:497, mír 71 agus an cásdlí atá luaite ann; breithiúnas na Cúirte Ghinearálta an 30 Meitheamh 2005, *Branco v an Coimisiún*, T-347/03, ECLI:EU:T:2005:265, mír 102 agus an cásdlí a luaitear ann; breithiúnas na Cúirte Ghinearálta an 23 Feabhra 2006, *Cementbouw Handel & Industrie v an Coimisiún*, T-282/02, ECLI:EU:T:2006:64, mír 77; cinneadh ón gCúirt Ghinearálta an 30 Meitheamh 2009, *CPEM v an Coimisiún*, T-444/07, ECLI:EU:T:2009:227, mír 126.

⁽²¹⁴⁾ Breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 14 Feabhra 2006, *TEA-ECGOS agus Daoine Eile v an Coimisiún*, isteach i gcásanna T-376/05 agus T-383/05, ECLI:EU:T:2006:47, mír 88 agus an cásdlí a luaitear ann. Féach freisin, de réir analaí, breithiúnas na Cúirte Céadchéime an 30 Samhain 2009, *an Fhrainc agus France Télécom v an Coimisiún*, Cásanna uamtha T-427/04 agus T-17/05, ECLI:EU:T:2009:474, mír 261.

⁽²¹⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 20 Márta 1997, *Land Rheinland - Pfalz v Alcan Deutschland*, C-24/95, ECLI:EU:C:1997:163, mír 25 agus an cásdlí a luaitear ann.

⁽²¹⁶⁾ Litir an 9 Samhain 2006 (D/54422).

⁽²¹⁷⁾ Litir freagartha ón bPortaingéil an 19 Nollaig 2006.

8. CONCLUÍD

(228) Baineann an Coimisiún de thátal as go bhfuil an Phortaingéil tar éis scéim ZFM a chur chun feidhme go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE agus nach bhfuil an chabhair a dheonaítear do thairbhíthe aonair faoin scéim seo ag luí leis an margadh inmheánach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chuir an Phortaingéil an scéim cabhrach “Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III”, a mhéid is gur chuir an Phortaingéil chun feidhme í go neamhdhleathach de shárú ar Chinneadh C(2007)3037 leagan deiridh ón gCoimisiún agus ar Chinneadh C(2013)4043 leagan deiridh ón gCoimisiún, de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ní luíonn sé leis an margadh inmheánach.

Airteagal 2

Ní cabhair í cabhair aonair a dheonaítear faoin scéim dá dtagraítear in Airteagal 1 más rud é, tráth a dheonaítear í, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos le rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2015/1588 atá infheidhme tráth a dheonaítear an chabhair.

Airteagal 3

Luíonn cabhair aonair arna deonú faoin scéim dá dtagraítear in Airteagal 1 a chomhlíonann, an tráth a dheonaítear í, na coinníollacha a leagtar síos leis na Cinntí dá dtagraítear in Airteagal 1 nó a leagtar síos le rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2015/1588 leis an margadh inmheánach go dtí an déine uasta cabhrach is infheidhme maidir leis an gcineál sin cabhrach.

Airteagal 4

1. Déanfaidh an Phortaingéil an chabhair neamh-chomhoiriúnach a deonaíodh faoin scéim dá dtagraítear in Airteagal 1 a ghnóthú ó na tairbhíthe.
2. Gearrfar ús ar na suimeanna atá le gnóthú ús ón dáta a cuireadh ar lámh na dtairbhíthe iad go dtí go ngnóthófar go hiarbhrí iad.
3. Déanfar an t-ús a ríomh ar bhonn cumaisc i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004.
4. Déanfaidh an Phortaingéil an scéim cabhrach neamh-chomhoiriúnach a dhíothú a mhéid dá dtagraítear in Airteagal 1 agus cealóidh sí gach íocaíocht chabhrach atá fós gan íoc le héifeacht ón dáta dá dtabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 5

1. Beidh gnóthú na cabhrach arna deonú faoin scéim dá dtagraítear in Airteagal 1 láithreach agus éifeachtach.
2. Áiritheoidh an Phortaingéil go gcuirfean an Cinneadh seo chun feidhme laistigh d’ocht mí tar éis an dáta a dtabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 6

1. Laistigh de cheithre mhí tar éis fógra a thabhairt faoin gCinneadh seo, tíolacfaidh an Phortaingéil an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) liosta na dtairbhíthe a fuair cabhair faoin scéim cabhrach dá dtagraítear in Airteagal 1 agus méid iomlán na cabhrach a fuair gach ceann de na tairbhíthe sin faoin scéim;

- (b) an méid iomlán (príomhleasanna agus leasanna gnóthaithe) atá le gnóthú ó gach tairbhí;
- (c) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh.

2. Coinneoidh an Phortaingéil an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn na mbeart náisiúnta arna nglacadh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go dtí go mbeidh gnóthú na cabhrach arna deonú faoin scéim dá dtagraítear in Airteagal 1 tugtha chun críche. Tíolacfaidh sí láithreach, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, faisnéis faoi na bearta a rinneadh cheana agus atá beartaithe iad a dhéanamh chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh.

Cuirfidh an Phortaingéil faisnéis mhionsonraithe ar fáil freisin maidir leis na méideanna cabhrach agus úis ghnóthaithe a gnóthaíodh cheana féin ó na tairbhíthe.

Airteagal 7

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Féadfaidh an Coimisiún céannacht thairbhíthe na cabhrach neamh-chomhoiriúnaí agus méideanna na cabhrach agus an úis ghnóthaithe a gnóthaíodh agus an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm, gan dochar d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2015/1589.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Nollaig 2020.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1415 ÓN gCOIMISIÚN
an 18 Lúnasa 2022

maidir le rialacha dáilte tráchta modhnaithe le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo) a fhormheas go páirteach de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 5783)

(an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aerseirbhísí sa Chomhphobal ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste arna bhunú le hAirteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

- (1) An 22 Feabhra 2022 chuir údarás na hIodáile an Coimisiún ar an eolas, de bhun Airteagal 19(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, faoi dhréacht-fhoraithe nua maidir le rialacha dáilte tráchta modhnaithe le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo) (“dréacht-fhoraithe Giovannini”).

2. CÚLRA AGUS TUAIRISC AR AN MBEART

2.1. Dréacht-Fhoraithe Giovannini

- (2) Le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini, modhnaítear Airteagal 4 d’fhoraithe an 3 Márta 2000 maidir le rialacha dáilte tráchta le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo), arna leasú, ar an mbealach seo a leanas:

“Mír 1:

Féadfaidh aeriompróirí bealaí sceidealaithe ó phointe go pointe a oibriú, agus aerárthaí cabhlach caoile á n-úsáid acu, idir aerfort Milano Linate agus aerfoirt eile san Aontas Eorpach, nó idir aerfoirt Milano Linate agus aerfoirt de chuid Stáit a bhfuil comhaontú ingearach déanta aige leis an Aontas Eorpach lena rialaítear a chuid aerseirbhísí agus ar aerfoirt iad atá suite laistigh de gha 1 500 km ó aerfort Milano Linate a thomhaistear de réir mhodh an bhealaigh mórchiorcail laistigh de theorainneacha an toille oibriochtúil a shainítear le haghaidh aerfort Milano Linate. Ní féadfaidh ach na haeriompróirí seo a leanas na bealaí sin a oibriú:

- (a) iompróirí ar aeriompróirí Comhphobail iad de réir shainmhínte Airteagal 2(10) agus (11) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 agus a chomhlíonann na ceanglais arna leagan síos ag na húdaráis eitlíochta inniúla, i gcomhréir leis an Rialachán sin;
- (b) aeriompróirí arna n-ainmniú ag tír chun aerseirbhísí a oibriú ar bhonn comhaontú ingearach a rinne an tír sin leis an Aontas Eorpach, ar choinníoll go mbaineann an bealach le haerfort atá laistigh de gha 1 500 km ó aerfort Milano Linate a thomhaistear de réir mhodh an bhealaigh mórchiorcail.”

⁽¹⁾ IO L 293, 31.10.2008, lch. 3.

- (3) Le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovanni, modhnaítear freisin Airteagal 4 d'fhoraithe an 3 Márta 2000 maidir le rialacha dáilte tráchta le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo), arna leasú, ar an mbealach seo a leanas:

“Mír 2:

D'fhonn comhlíonadh fhorálacha mhír 1 a ráthú, ní cheadófar ticéid a dháileadh ná a dhíol ná paisinéirí a iompar ar bhealaigh eiltle ó phointe go pointe ó aerfort Milano Linate nó chuige ach amháin i leith aerfoirt atá suite laistigh de na teorainneacha geografacha a shainítear le mír 1.”

- (4) Luaitear in aithrisí dhréacht-fhoraithe Giovanni go bhfuil gá le leasú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair maidir le dáileadh tráchta idir aerfoirt Milano chun a áirithiú go bhfanadh aerfort Milano Linate ina “aerfort cathrach” lena bhfreastalaítear ar chinn scríbe ghearraistir, agus chun leas iomlán a bhaint as forbairt Milano Malpensa mar aerfort moil. Thairis sin, ba cheart aerfort Milano Linate a nascadh le haerfoirt lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go mbeidh siad laistigh de gha 1 500 km, agus go bhfuil comhaontú aeriompair cothrománach nó cuimsitheach tugtha i gcrích ag an Aontas leis an tríú tír ina bhfuil an t-aerfort lonnaithe.
- (5) Sna mínte a ghabhann leis an bhfógra a thug údarás na hIodáile, chuir údarás na hIodáile in iúl go bhféadfaí cur i bhfeidhm Airteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovanni mar a thagraítear dó in aithris 2 go bhféadfaí leanúint d'oibríochtaí bealaí idir Milano Linate agus tíortha amháin an Ríocht Aontaithe, Ballstáit an Chomhlaimistéir Eitlíochta Eorpaigh nó Maracó, laistigh de theorainneacha sainithe toille an aerfoirt, eadhon 18 ngluaiseacht in aghaidh na huaire.
- (6) De bhun Airteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovanni mar a thagraítear in aithris 2, déanfar an ga 1 500 km timpeall aerfort Milano Linate a thomhas de réir mhodh an bhealaigh mórchiorcail. Mhínigh údarás na hIodáile ina bhfógra go n-úsáidtear an fad sin i reachtaíocht an Aontais mar thairseach chun eitiltí a bhfuil achair éagsúla acu a chatagóiriú (e.g. Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾).
- (7) Maidir le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovanni mar a thagraítear dó in aithris 3, mhínigh údarás na hIodáile gurb é atá beartaithe leis an bhforáil sin forfheidhmiú dhréacht-Airteagal 4, mír 1, a áirithiú, agus léiríonn sí cur chuige na rialacha dáilte tráchta atá ann faoi láthair. Leis na rialacha atá ann faoi láthair, cuirtear de chúram ar an Údarás Eitlíochta Sibhialta náisiúnta faireachán a dhéanamh ar aerthrácht ag aerfoirt Milano Linate agus Milano Malpensa agus tuairisciú don Aireacht Bonneagair agus Iompair, chun a mheas an bhfuil na rialacha sin á gcomhlíonadh agus an bhfuil gá le haon ghníomhaíocht bhreise.

2.2. Comhairliúchán a rinne údarás na hIodáile

- (8) An 6 Meán Fómhair 2021, i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, d'iarr Údarás Eitlíochta Sibhialta na hIodáile (ENAC) ar pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán a bhí ar siúl an 8 Meán Fómhair 2021 ag aerfort Milano Linate.
- (9) Dé réir na faisnéise a chuir údarás na hIodáile isteach, d'fhreastail Coistí Úsáideoirí Aerfoirt aerfoirt Linate agus Malpensa ar an gcomhairliúchán, comhdhéanta d'aeriompróirí, cuideachtaí láimhseála ar talamh, an comhlacht bainistithe aerfoirt agus an comhordaitheoir sliotán.
- (10) De réir na tuarascála comhairliúcháin, bhí formhór na bpáirtithe i bhfabhar an leasaithe atá beartaithe.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnaimh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfead eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfead moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO L 46, 17.2.2004, lch. 1).

3. COMHAIRLIÚCHÁIN A RINNE AN COIMISIÚN

- (11) An 25 Márta 2022 d'fhoilsigh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ⁽³⁾ achoimre ar na leasuithe atá beartaithe ar na rialacha dáilte tráchta, leasuithe a thug údaráis na hIodáile fógra ina leith, agus thug sé 20 lá do pháirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach.
- (12) Fuair an Coimisiún barúlacha ó chúig pháirtí leasmhara, agus theastaigh ón gcuid is mó acu nach luafar a n-ainm.
- (13) Thacaigh na páirtithe leasmhara uile le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 2, cé gur iarr páirtí amháin go leathnófaí an ga thar 1 500 km chun níos mó ceann scríbe a áireamh.
- (14) Thacaigh trí pháirtí leasmhara go sainráite le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 3, agus iad ag áitiú go bhfeabhsóidh sé comhlíonadh dhréacht-Airteagal 4, mír 1, agus go gcoinneodh sé aerfort Linate mar fhíor-aerfort ó phointe go pointe. Chuir páirtí leasmhar amháin in iúl go raibh inní air faoi Airteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 3 agus é ag áitiú go bhfuil an toirmeasc ar dhíolachán ticéad le cinn scríbe lasmuigh de raon feidhme dhréacht-Airteagal 4, mír 1, díréireach. Bhí inní mhór ar an bpáirtí sin freisin faoin gcaoi a gcuirfí an fhoráil chun feidhme agus bhí amhras air go mbeadh an fhoráil iomchuí chun déileáil leis na fadhbanna toillte.

4. MEASÚNÚ

- (15) Ar dtús, tugann an Coimisiún faoi deara go gcomhlíonann na trí aerfort a bhfuil feidhm ag an rial dáiite tráchta maidir leo, ar tugadh fógra ina leith, is iad sin Milano Linate, Milano Malpensa agus Orio al Serio (Bergamo), go gcomhlíonann siad na ceithre choinníoll a leagtar amach in Airteagal 19(2), an chéad fhómhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Freastalaíonn na haerfoirt ar chomhchathair Milano, rud a chomhlíonann an chéad choinníoll. Tá na naisc bhonneagair agus iompair phoiblí idir na trí aerfort agus idir iad agus cathair Milano de chineál a chomhlíonann an dara agus an tríú choinníoll. Ina theannta sin, soláthraíonn na haerfoirt na seirbhísí riachtanacha d'aeriompróirí ar bhealach a chomhlíonann an ceathrú choinníoll.
- (16) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire, leis na cinntí a ghlac an Coimisiún roimhe seo, gur formheasadh rialacha dáiite tráchta a raibh sé de chuspóir acu aerfort Milano Malpensa a bhunú mar mhol idirnáisiúnta agus Milano Linate a bhunú mar aerfort ó phointe go pointe chun teorainn a chur leis an sreabhadh tráchta ag an aerfoirt sin.
- (17) Go sonrach, le Foraithe Bersani agus Bersani 2 an 5 Eanáir 2001, arna bhformheas le Cinneadh 2001/163/CE ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, ag aerfort Milano Linate, forchuireadh teorainneacha ar líon na seirbhísí fillte laethúla chuig aerfoirt an Aontais arna sainaithint ar bhonn mhéid an tráchta paisinéirí. Chuir Foraithe Bersani agus Bersani 2 teorainn freisin le haerfort Milano Linate d'aerárthaí pasáiste aonair le haghaidh naisc sceidealaithe ó phointe go pointe laistigh den Aontas, agus sin amháin. D'fhág sé sin gur brúdh an trácht a bhí fágtha go haerfort Malpensa.
- (18) Bhí sé de chuspóir ag Foraithe Del Rio an 18 Samhain 2016, arna formheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2019 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, úsáid aerfort Milano Linate a bharrfheabhsú agus feabhas a chur ar an nascacht le gach cathair Eorpach eile, agus leas iomlán á bhaint ag an am céanna as acmhainneacht mhol Malpensa ina ról sonrach mar gheata idir-ilchríochach. Dá bhrí sin, le Foraithe Del Rio, baineadh na teorainneacha ar mhinicíochtaí atá bunaithe ar mhéideanna tráchta paisinéirí a d'fhéadfaí a oibriú go dtí Linate agus uaidh, ach áitíodh léi nach bhféadfaí freastal ach ar chinn scríbe laistigh den Aontas agus aerárthaí cabhlach caoile á n-úsáid.

⁽³⁾ Fógra ón Iodáil faoi chur i bhfeidhm Airteagal 19(2) de Rialachán 1008/2008 i ndáil le rialacha dáiite tráchta idir aerfoirt Milano Malpensa agus Milano Linate (IO C 134, 25.3.2022, lch. 28).

⁽⁴⁾ Cinneadh 2001/163/CE ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2000 maidir le nós imeachta a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 2408/92 ón gComhairle (Cás TREN/AMA/12/00 — Rialacha dáiite tráchta na hIodáile le haghaidh chóras aerfoirt Milano) (IO L 58, 28.2.2001, lch. 29).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2019 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2016, maidir le rialacha dáiite tráchta modhnaithe le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo) a fhormheas de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 312, 18.11.2016, lch. 73).

- (19) I bhfianaise an mhéid thuas, ní cheistíonn an Coimisiún beartas na hIodáile maidir le haerfoirt Milano Malpensa agus Milano Linate.
- (20) A mhéid a bhaineann le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 2, tugann an Coimisiún faoi deara go mbaintear leis teorainneacha áirithe a fhorchuirtear ar aersheirbhísí ag aerfort Linate. Féadfar freastal ar chinn scríbe tríú tíortha nua le haerfort Linate, cinn scríbe a thagann laistigh de gha 1 500 km den aerfort agus atá i dtír a bhfuil comhaontú aeriompair cothrománach nó cuimsitheach tugtha i gcrích ag an Aontas léi.
- (21) Ní thagann ceist na comhréireachta chun cinn, bunaithe ar an gcur chuige a glacadh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2019, a mhéid a bhaintear le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 2 teorainneacha maidir le rochtain ar aerfort Linate agus uaidh chun go mbeidh éifeachtúlacht agus rogha níos fearr ag aeriompróirí maidir lena sceidil a shocrú de réir éileamh na bpaisinéirí.
- (22) In aon chás, is é a bheadh mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear in aithris 2 go gcuirfí cinn scríbe nua le haerfort Linate ar bhealach trédhearcach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla nach mbeadh idirdhealú idir aeriompróirí an Aontais ná cinn scríbe an Aontais mar thoradh orthu.
- (23) A mhéid a bhaineann le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 3, measann an Coimisiún go dtagann fadhbanna chun cinn maidir le comhréireacht agus trédhearcacht, rud atá contrártha le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.
- (24) Leis an bhforáil, cuirtear toirmeasc ar dháileadh agus ar dhíolachán ticéad idir aerfort Milano Linate agus aon cheann scríbe lasmuigh de raon feidhme dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear in aithris 2, agus cuirtear toirmeasc ar aon chúrsa taistil nasctha (murab ionann agus bealach ó phointe go pointe). Mar a shoiléirigh údarás na hIodáile le linn cruinnithe le seirbhísí an Choimisiúin an 4 Aibreán 2022, agus an 30 Meitheamh 2022, mar obair leantach ar cheisteanna i scríbhinn a sheol seirbhísí an Choimisiúin an 1 Aibreán 2022, ní hamháin go gcuireann sé sin cosc ar aeriompróirí cúrsaí taistil le haerfort Milano Linate a thairiscint mar an pointe idirthurais, ach cuireann sé cosc freisin ar aeriompróirí cúrsaí taistil a thairiscint chuig aerfort Linate nó uaidh a nascann ina dhiaidh sin in aerfoirt eile lasmuigh de Milano. Go bunúsach, leis an bhforáil rialáitear sreabhadh aistrithe paisinéirí ag aerfoirt lasmuigh de Milano.
- (25) Maidir le srian a chur le nasceiltí agus le haistriú paisinéirí ag aerfort Linate, measann an Coimisiún go bhfuil sé comhréireach chun an cuspóir a bhaint amach é a choinneáil mar aerfort ó phointe go pointe agus chun forbairt aerfort Malpensa mar mhol idirnáisiúnta a chur chun cinn. Mar sin féin, le rialú sreabhadh aistrithe paisinéirí ag aerfoirt lasmuigh de Milano, sáraítear raon feidhme dlísteanaigh na rialacha dáilte tráchta le haghaidh aerfoirt atá ag freastal ar chathair nó ar chomhchathair ar leith, Milano sa chás sin.
- (26) Ina theannta sin, téann an leasú atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí beartais aerfoirt na hIodáile a bhaint amach agus cuireann sé isteach go míchuí ar shaoirse ghnó aeriompróirí agus ar shaoirse na n-aeriompróirí seirbhísí a sholáthar ag aerfoirt lasmuigh de Milano.
- (27) Thairis sin, le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear in aithris 3, ardaítear saincheisteanna trédhearcachta, ós rud é nach bhfuil sé soiléir conas a fhorfheidhmeoidh údarás na hIodáile na rialacha. Leis an bhforáil atá i gceist, ní shoiléirítear an ndéanfar faireachán ar sceidil aeriompróirí, agus sin amháin, nó an mbeidh gníomhairí taistil agus dáileoirí ticéad faoi dhliteanas freisin as bealaí taistil áirithe a thaispeáint a nascann lasmuigh d'aerfort Linate. Anuas air sin, ní léir an mbeadh sé d'aidhm ag an bhforáil sin paisinéirí féin-nasctha a cheapadh, paisinéirí nach bhfuil rialú ag aeriompróirí ná ag gníomhairí taistil ná ag dáileoirí ticéad eile ar a gcúrsaí taistil.

5. CONCLUÍD

- (28) Mar chonclúid, maidir le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 2, lena leasaítear na rialacha dáilte tráchta atá ann faoi láthair le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo), measann an Coimisiún go bhfuil sé comhoiriúnach le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.
- (29) Maidir le hAirteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovannini mar a thagraítear dó in aithris 3, measann an Coimisiún nach bhfuil sé comhoiriúnach le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 1 de dhréacht-fhoraithe Giovanni mair le rialacha dáilte tráchtá modhnaithe le haghaidh aerfoirt Milano Malpensa, Milano Linate agus Orio al Serio (Bergamo) a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Feabhra 2022 agus mar a thagraítear dóibh in aithris 2.

Ní féidir na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 1 den dhréacht-fhoraithe sin mar a thagraítear dóibh in aithris 3 a fhormheas.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)